ISSN 1831-0648

# Tuarascáil Bhliantúil 2009

## Achoimre Feidhmiúcháin

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

# Tuarascáil Bhliantúil 2009

## Achoimre Feidhmiúcháin



**Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach**

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010

ISBN 978-92-95073-78-4
doi:10.2804/19732

© An tAontas Eorpach, 2010
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

# RÉAMHRÁ

Is í seo Achoimre Feidhmiúcháin na Tuarascála Bliantúla 2009 de chuid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS). Clúdaíonn an tuarascáil seo an bhliain 2009 mar an cúigiú bliain ghníomhaíochta ó cuireadh an MECS ar bun mar údarás maoirseachta neamhspleách nua, a bhfuil sé de thasc aige a chinntiú go mbíonn meas ag institiúidí agus comhlachtaí an AE ar chearta agus saoirsí daoine nádúrtha, agus ar a bpríobháideacht ach go háirithe, maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Clúdaítear ann freisin an chéad bhliain de shainordú coiteann cúig bliana de chuid Peter Hustinx, Maoirseoir, agus Giovanni Buttarelli, Maoirseoir Cúnta.

Is ionann príomhghníomhaíochtaí an MECS, mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ([1]) ("an Rialachán"), agus:

- monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcloítear le forálacha an Rialacháin nuair a phróiseálann institiúidí agus comhlachtaí an AE sonraí pearsanta (**maoirseacht**);
- comhairle a chur ar institiúidí agus comhlachtaí an AE i ndáil leis na hábhair uile a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Áiríonn sé seo comhairliúchán ar thograí le haghaidh reachtaíochta agus monatóireacht ar fhorbairtí nua a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta (**comhairliúchán**);
- comhar le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus le comhlachtaí maoirseachta in "iar-thríú colún" an AE d'fhonn comhsheasmhacht i leith cosaint sonraí pearsanta a fheabhsú (**comhar**).

Bhí 2009 ríthábhachtach don cheart bunúsach chun cosanta sonraí. Is mar thoradh ar roinnt príomhfhorbairtí é seo: teacht i bhfeidhm **Conradh Liospóin**, a chinntigh bonn dlíthiúil láidir do chosaint sonraí chuimsitheach sna réimsí uile de bheartas an AE; tús á chur le comhairliúchán poiblí ar thodhchaí **chreata dlíthiúla an AE le haghaidh cosanta sonraí**; agus glacadh le clár beartais cúig bliana nua do réimse na saoirse, na slándála agus an chirt ("**Clár Stócólm**") le béim ar leith ar chosaint sonraí mar ghné ríthábhachtach le haghaidh dlisteanachta agus éifeachtachta sa réimse seo.

Bhí an MECS gafa go mór leis na réimsí seo agus tá sé i gceist aige leanúint ar aghaidh leis seo go luath sa todhchaí. Ag an tráth céanna, tá sé cinntithe aige go gcuirtear ról an údaráis mhaoirseachta neamhspleách i bhfeidhm sna réimsí gníomhaíochta rialta go léir. Tá dul chun cinn suntasach déanta dá bharr seo, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí agus comhlachtaí an AE nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil, agus maidir le comhairliúchán ar bhearta beartais agus reachtaíochta nua araon, chomh maith le comhoibriú le húdaráis mhaoirseachta eile chun comhsheasmhacht níos fearr a chinntiú i leith cosanta sonraí.

([1]) Rialachán (CE) Uimh 45/2001 an 18 Nollaig 2000 ar chosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus ar shaorghluaiseacht sonraí dá leithéid, IO L 8, 12.1.2001, lch.1.

# TORTHAÍ IN 2009

Luaigh Tuarascáil Bhliantúil 2008 go raibh na príomhchuspóirí seo a leanas roghnaithe do 2009. Tá formhór na gcuspóirí seo comhlíonta go hiomlán nó i bpáirt.

- Tacú leis an líonra OCS

Lean an MECS ar aghaidh ag tacú go láidir le hoifigigh chosanta sonraí, go háirithe i ngníomhaireachtaí atá bunaithe le déanaí, agus spreagadh malartú saineolais agus dea-chleachtais ina measc, d'fhonn a gcuid éifeachtachta a neartú.

- Ról na réamhsheiceála

Tá réamh-sheiceáil ar oibríochtaí próiseála reatha i bhformhór na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí fadtéarmaigh beagnach curtha i gcrích ag an MECS, agus tá béim mhéadaitheach leagtha aige ar athleanúint na moltaí. Tugadh aird ar leith ar oibríochtaí próiseála choiteanna i ngníomhaireachtaí a réamhsheiceáil.

- Treoir chothrománach

Tá treoirlínte maidir le hearcaíocht foirne agus sonraí sláinte san obair foilsithe ag an MECS, chomh maith le dréacht-treoirlínte ar fhísfhaireachas a bhí ina n-ábhair chomhairliúcháin. Tá na treoirlínte seo deartha chun cabhrú le comhlíonadh a chinntiú in institiúidí agus comhlachtaí agus chun nósanna imeachta réamh-sheiceála a athchóiriú chun éifeachta.

- Láimhseáil ghearán

Ghlac an MECS le lámhleabhar maidir le láimhseáil ghearán don fhoireann agus foilsíodh a phríomhphointí ar an láithreán gréasáin chun na páirtithe leasmhara uile a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta ábhartha, lena n-áirítear critéar i leith cibé ar chóir nó nár chóir imscrúdú a oscailt ar ghearáin a gcuirtear os a chomhair. Tá foirm ghearáin ar fáil ar an láithreán gréasáin anois freisin.

- Beartas iniúchta

Lean an MECS le comhlíonadh a mheas de réir Rialacháin (CE) Uimh. 45/2001, le cineálacha seiceálacha éagsúla, do na hinstitiúidí agus comhlachtaí uile, agus rinneadh roinnt iniúchtaí ar an láthair. Tá an chéad sraith de nósanna imeachta iniúchta foilsithe d'fhonn próiseas níos intuartha a chinntiú.

- Scóip an chomhairliúcháin

Tá an líon is mó riamh de 16 tuairim agus 4 shraith ráitis fhoirmiúil ar thograí le haghaidh reachtaíochta nua eisithe ag an MECS, ar bhonn fardail chórasaigh d'ábhair agus tosaíochtaí ábhartha, agus cinntíodh leanúint ar aghaidh leordhóthanach. Tá na tuairimí agus ráitis go léir chomh maith leis an bhfardal ar fáil ar an láithreán gréasáin.

- Clár Stócólm

Tá aird ar leith tugtha ag an MECS ar ullmhú an chláir bheartais cúig bliana nua do réimse na saoirse, na slándála agus an chirt, glactha ag an gComhairle ag deireadh 2009. Aithníodh an gá le cosaint sonraí éifeachtach mar phríomhchoinníoll dá chuid.

- Gníomhaíochtaí faisnéise

Tá cáilíocht agus éifeachtacht na n-uirlisí faisnéise ar líne (láithreán gréasáin agus nuachtlitir leictreonach) feabhsaithe ag an MECS agus tá gníomhaíochtaí faisnéise eile (bróisiúr faisnéise nua agus imeachtaí múscailte feasachta) tugtha suas chun dáta aige, nuair ba ghá.

- Rialacha nós imeachta

Glacfar le rialacha nós imeachta le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla an MECS go luath. Deimhneoidh nó soiléireoidh siad na cleachtais reatha den chuid is mó agus beidh siad ar fáil ar an láithreán gréasáin.

- Bainistíocht acmhainní

Tá gníomhaíochtaí a bhaineann le hacmhainní airgeadais agus daonna comhdhlúite agus forbartha sa bhreis ag an MECS agus tá aird ar leith tugtha ar earcaíocht foirne trí chomórtas EPSO maidir le cosaint sonraí. Táthar ag súil leis na chéad iarrthóirí rathúla i gcaitheamh 2010.

## Roinnt príomhfhigiúirí MECS in 2009

➔ **110 tuairim réamhsheiceála glactha** maidir le sonraí sláinte, measúnú foirne, earcaíocht, bainistíocht ama, Imscrúduithe slándála, taifead gutháin, uirlisí feidhmíochta

➔ **111 gearán faighte, 42 inghlactha.** Príomhchineálacha sáruithe líomhnaithe: sárú ar rúndacht sonraí, bailiúchán iomarcach nó úsáid mhídhleathach á bhaint ag an rialtóir as sonraí

- **12 cás réitithe** áit ar bhreathnaigh an MECS nár sáraíodh na rialacha cosanta sonraí
- **8 gcás inar fógraíodh neamhchomhlíonadh** na rialacha cosanta sonraí

➔ **32 comhairliúchán ar bhearta riaracháin.** Tugadh comhairle ar réimse leathan gnéithe dlíthiúla a bhain le hinstitiúidí agus comhlachtaí an AE ag próiseáil sonraí pearsanta

➔ **4 iniúchadh ar an láthair curtha i gcrích** in institiúidí agus i gcomhlachtaí éagsúla an AE

➔ **3 threoirlíne foilsithe** ar earcaíocht, sonraí sláinte agus físfhaireachas

➔ **16 tuairim reachtach eisithe** ar chórais faisnéise mhórscála, liostaí sceimhlitheoirí, creat na todhchaí le haghaidh cosanta sonraí, sláinte phoiblí, cánachas agus iompar

➔ **4 shraith ghearán foirmiúil eisithe** maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, seirbhís uilíoch agus r-Phríobháideacht agus, idirbheartaíochtaí AE-SAM ar chomhaontú SWIFT nua

➔ **3 chruinniú de chuid an Ghrúpa Eurodac um Chomhordú Maoirseachta eagraithe**, as a dtáinig an dara thuarascáil iniúchta chomhordaithe maidir le faisnéis chuig ábhair sonraí agus measúnú ar aois na n-iarrthóirí tearmainn óga

# MAOIRSEACHT

*Ceann de phríomhróil an MECS is ea maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí phróiseála a chuireann institiúidí nó comhlachtaí Eorpacha i gcrích ar bhealach neamhspleách. Is ionann an creat dlíthiúil agus an Rialachán um Chosaint Sonraí (CE) Uimh. 45/2001, a chuireann roinnt dualgas ar bun dóibh siúd a phróiseálann sonraí, chomh maith le roinnt cearta dóibh siúd ar leo na sonraí pearsanta á bpróiseáil.*

*Gné thábhachtach de mhaoirseacht le linn 2009 ba ea réamhsheiceáil a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála, ach tá forbairt déanta ag an MECS freisin i leith foirmeacha maoirseachta eile, cosúil le láimhseáil ghearán, iniúchtaí, comhairle ar bhearta riaracháin agus dréachtú treoirlínte téamacha.*

## Réamhsheiceálacha

Déanann Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 foráil go gcuirfí na hoibríochtaí próiseála uile maidir le sonraí pearsanta, ar dóchúil go gcruthóidís rioscaí sainiúla do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, faoi réir réamhsheiceáil an MECS. Cinneann an MECS ansin cibé an gcloíonn nó nach gcloíonn an phróiseáil leis an Rialachán.

In 2009, ghlac an MECS le **110 tuairim réamhsheiceála**, ag clúdach saincheisteanna ar nós sonraí sláinte, measúnú foirne, earcaíocht, bainistíocht ama, taifead gutháin, uirlisí feidhmíochta agus imscrúduithe slándála go príomha. Foilsítear na tuairimí seo ar láithreán gréasáin an MECS agus leantar a gcur chun feidhme ar bhonn córasaí.

De bharr na gcomhairliúchán éagsúil ó oifigigh chosanta sonraí ar an ngá leis an MECS réamh-sheiceáil a dhéanamh, fógraíodh go gcuirfí roinnt cásanna faoi réir réamhsheiceála, ar nós éisteachtaí na gCoimisinéirí ainmnithe i bParlaimint na hEorpa, measúnú eirgeanamaíochta ar thimpeallachtaí oibre i bParlaimint na hEorpa agus ceapacháin foirne sinsearaí i bParlaimint na hEorpa.

## Monatóireacht an chomhlíonta

Déantar **monatóireacht chórasach** ar chur chun feidhme an Rialacháin um Chosaint Sonraí ag institiúidí agus comhlachtaí trí bhreithniú rialta a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear institiúidí agus comhlachtaí uile an AE. I ndiaidh cleachtadh “an earraigh 2009”, d’fhoilsigh an MECS tuarascáil ag léiriú go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag institiúidí an AE maidir le comhlíonadh a gcuid riachtanas cosanta sonraí, ach tugtar leibhéal comhlíonta níos ísle faoi deara i bhformhór na ngníomhaireachtaí.

I dteannta leis an gcleachtadh monatóireachta ginearálta seo, chuir an MECS ceithre **iniúchadh** ar an láthair i gcrích in institiúidí agus comhlachtaí éagsúla. Leantar leis na hiniúchtaí seo go córasach agus déanfar níos minice iad go luath sa todhchaí. In Iúil 2009, ghlac an MECS le lámhleabhar nós imeachta iniúchta agus d’fhoilsigh sé príomhghnéithe an nós imeachta seo ar a láithreán gréasáin.

## Gearáin

Ceann de príomhdhualgais an MECS, de réir mar atá leagtha síos sa Rialachán um Chosaint Sonraí, ná éisteacht le gearáin agus iad a imscrúdú chomh maith le fiosrúcháin a chur i gcrích ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó bunaithe ar ghearáin.

Tá **líon agus castacht** na ngearán atá á bhfáil ag an MECS **ag méadú**. In2009, fuair an MECS 111 gearán (méadú 32% i gcomparáid le 2008). Astu seo, bhí thart ar dhá thrian acu neamh-inghlactha de bharr gur bhain siad le saincheisteanna ag leibhéal náisiúnta agus níl an MECS inniúil ina leith seo. Bhí gá le fiosrúcháin níos doimhne don chuid eile de na gearáin.

Bhain formhór na saincheisteanna i leith gearán inghlactha le sáruithe líomhanta ar rúndacht, bailiú sonraí iomarcach nó úsáid neamhdhleathach á baint ag an rialtóir as sonraí, rochtain ar shonraí, an ceart coigeartaithe, agus sonraí á scriosadh. In ocht gcás, bhain an MECS de thátal as go ndearnadh sárú ar rialacha cosanta sonraí.

As na gearáin inghlactha a cuireadh isteach in 2009, bhí formhór acu dírithe ar an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO). Bítear ag súil leis seo de bharr go gcuireann an Coimisiún próiseáil sonraí pearsanta i gcrích níos mó ná institiúidí agus comhlachtaí eile an AE. D'fhéadfadh nádúr na ngníomhaíochtaí á gcur i gcrích ag OLAF agus EPSO líon ard na ngearán i leith na gcomhlachtaí sin a mhíniú.

## Bearta riaracháin

Lean an MECS le comhairle a sholáthar ar bhearta riaracháin beartaithe ag institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Tarraingíodh éagsúlacht saincheisteanna anuas, lena n–áirítear aistrithe sonraí go tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, próiseáil sonraí i gcás nós imeachta paindéime, cosaint sonraí sa tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí, agus rialacha an Rialacháin um Chosaint Sonraí á chur chun feidhme.

## Treoirlínte téamacha

Ghlac an MECS le treoirlínte ar phróiseáil sonraí pearsanta le haghaidh **earcaíochta** agus ar **shonraí sláinte** san ionad oibre. In 2009, thionóil an MECS comhairliúchán poiblí ar threoirlínte físfhaireachais freisin, i measc go leor eile ag leagadh béime ar "Phríobháideacht trí Dhearadh" agus cuntasacht mar phríomhphrionsabail sa chomhthéacs seo.

# COMHAIRLIÚCHÁN

*Cuireann an MECS comhairle ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna i ndáil le cosaint sonraí i raon réimsí beartais. Baineann an ról comhairliúcháin seo le tograí le haghaidh reachtaíochta nua chomh maith le tionscnaimh eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chosaint sonraí pearsanta san AE. Bíonn sé i bhfoirm tuairim fhoirmiúil de ghnáth ach d'fhéadfadh an MECS treoir a sholáthar freisin i bhfoirm ráitis nó páipéir bheartais. Mar chuid den ghníomhaíocht seo déantar monatóireacht freisin ar fhorbairtí teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí.*

## Mór-threochtaí

In 2009, chabhraigh roinnt gníomhaíochtaí agus imeachtaí suntasacha chun an t-ionchas atá le **creat dlíthiúil nua le haghaidh cosanta sonraí** a thabhairt níos cóngaraí. Tabharfar ord tosaíochta do chomhlíonadh an ionchais seo ar chláir oibre an MECS amach anseo.

Ag deireadh 2008, glacadh le **creat dlíthiúil ginearálta le haghaidh cosanta sonraí i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnaigh** ag leibhéal an AE don chéad uair. Cé nach bhfuil sé seo go hiomlán sásúil, ba chéim thábhachtach í sa treo ceart.

In 2009, ba í an dara mórfhorbairt ná glacadh leis an **Treoir r-Phríobháideachta** athchóirithe mar chuid de phacáiste níos mó. Ba í seo an chéad chéim freisin i ndáil le nuachóiriú an chreata dlíthiúla le haghaidh cosanta sonraí.

Is comhartha é teacht i bhfeidhm **Chonartha Liospóin** de ré nua le haghaidh cosanta sonraí. Ní hamháin go raibh an Chairt um Chearta Bunúsacha ina ceangal ar institiúidí agus comhlachtaí, agus ar Bhallstáit freisin atá i mbun gníomhaithe i scóip an dlí AE mar thoradh air, tugadh isteach bunús ginearálta do chreat dlíthiúil cuimsitheach in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU).

In 2009, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí freisin ar thodhchaí an chreata dlíthiúla do chosaint sonraí**.** D'oibrigh an MECS go dlúth le comhghleacaithe chun ionchur comhpháirteach leordhóthanach sa chomhairliúchán seo a chinntiú agus baineadh úsáid as ócáidí éagsúla chun béim a leagan ar an ngá le cosaint sonraí níos cuimsithí agus níos éifeachtaí san Aontas Eorpach.

## Príomh-shaincheisteanna agus tuairimí MECS

Lean an MECS leis ag cur a **bheartas comhairliúcháin** ginearálta chun feidhme agus eisíodh an líon is mó tuairimí reachtacha riamh ar ábhair éagsúla. Déanann an beartas seo foráil i leith cur chuige réamhghníomhaigh freisin, lena n–áirítear fardal rialta de thograí reachtacha a chur faoi bhráid le haghaidh comhairliúcháin, agus infhaighteacht le haghaidh ráiteas foirmiúil sna céimeanna ullmhúcháin de na tograí reachtacha. Lean díospóire-

achtaí leis an bParlaimint agus leis an gComhairle formhór na dtuairimí MECS.

I réimse na saoirse, na slándála agus an chirt, bhí spéis ar leith ag an MECS sna forbairtí maidir le **Clár Stócólm** agus a fhís do na cúig bliana atá le teacht i réimse an chirt agus na ngnóthaí baile. Thug an MECS comhairle maidir le forbairt an chláir agus ghlac páirt san obair ullmhúcháin don tSamhail Faisnéise Eorpaí.

Bhain obair eile sa réimse seo le hathbhreithniú ar **Rialacháin Eurodac agus Bhaile Átha Cliath**, bunú Gníomhaireachta do bhainistíocht oibriúcháin ar chórais TF mhórscála, agus cur chuige soiléir i leith maoirseachta sa réimse seo.

I gcomhthéacs na **r-Phríobháideachta agus teicneolaíochta**, anuas ar an athbhreithniú ginearálta thuasluaite, bhí an MECS rannpháirteach in ábhair bainteach leis an Treoir Coinneála Sonraí, le húsáid clibeanna RFID nó córais chliste iompair, agus leis an tuarascáil RISEPTIS ar "Muinín sa tSochaí Faisnéise".

I gcomhthéacs an **dhomhandaithe**, bhí an MECS bainteach le forbairt ar cháilíochtaí domhanda, leis an gcomhphlé trasatlantach ar chosaint sonraí agus sonraí forfheidhmithe dlí, agus le saincheisteanna na mbeart sriantach i ndáil le sceimhlitheoirí amhrasta agus tríú tíortha áirithe.

Ba réimsí spéise suntasacha eile don MECS iad **sláinte phoiblí** – lena n-áirítear cúram sláinte trasteorann, r-shláinte agus forairdeall cógaisíochta – agus **rochtain phoiblí ar dhoiciméid** – ar nós athchóiriú Rialacháin (CE) 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí agus cásanna cúirte éagsúla faoin gcaidreamh idir rochtain phoiblí agus cosaint sonraí.

## Forbairtí agus tosaíochtaí nua

Tá roinnt dearcthaí ar athruithe don todhchaí aitheanta, agus feidhmeoidh siad sin mar chlár oibre na bpríomh-thosaíochtaí don MECS. Ina measc tá **treochtaí teicneolaíochta** nua a ardaíonn ábhair imní ríthábhachtacha i ndáil le cosaint sonraí agus príobháideacht, cosúil le TCI "cliste", forbairtí átá ar bun faoin gcoincheap "Idirlíon na nithe" agus fógraíocht iompraíochta ar líne.

Cinnfidh forbairtí tábhachtacha i **mbeartas agus reachtaíocht** an comhthéacs do ghníomhaíochtaí comhairliúcháin an MECS in 2010 chomh maith. I dteannta leis an athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil do chosaint sonraí a luadh thuas cheana féin, tabharfaidh an MECS aird speisialta ar chlár oibre digiteach an Choimisiúin ina bhfuil príobháideacht agus cosaint sonraí ina réamhchoinníollacha. Tá forbairtí suntasacha ar siúl freisin a ligfidh don AE agus dá Bhallstáit déileáil le gné sheachtrach na cosanta sonraí ar bhealach níos éifeachtaí, ní hamháin i ndáil leis na Stáit Aontaithe, ach ar scála níos leithne chomh maith trí bhreis forbartha a dhéanamh ar cháilíochtaí domhanda.

# COMHAR

*Oibríonn an MECS i gcomhar le húdaráis chosanta sonraí eile d'fhonn cosaint sonraí chomhsheasmhach a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Cuimsíonn an ról comhoibríoch freisin comhar le comhlachtaí maoirseachta a bunaíodh faoi "iar-thríú colún" an AE agus i gcomhthéacs córas TF mórscála.*

Is é **Meitheal Oibre Airteagail 29** an príomhardán le haghaidh comhair idir údaráis chosanta sonraí san Eoraip. Glacann an MECS páirt i ngníomhaíochtaí na Meithle Oibre, ag a bhfuil ról tábhachtach i gcur chun feidhme aonfhoirmeach na Treorach um Chosaint Sonraí.

Chomhoibrigh an MECS agus an Meitheal Oibre go héifeachtach ar réimse ábhar, ach ar chur chun feidhme na Treorach um Chosaint Sonraí go háirithe agus ar na dúshláin tagtha chun cinn de bharr teicneolaíochtaí nua. Thacaigh an MECS go láidir freisin le tionscnaimh a tugadh fúthu chun sreabhadh sonraí idirnáisiúnta a éascú.

Ba chóir ranníocaíocht chomhpháirteach le "Todhchaí na Príobháideachta" a lua, mar fhreagra ar chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh ar chreat dlíthiúil an AE do chosaint sonraí, agus comhairliúchán an Choimisiúin ar thionchar "scanóirí coirp" i réimse na slándála eitlíochta.

Baineann ceann de na taisc chomhair is tábhachtaí de chuid an MECS le **Eurodac** áit a roinntear na freagrachtaí maoirseachta le húdaráis chosanta sonraí náisiúnta. Bhuail Grúpa Eurodac um Chomhordú Maoirseachta – a chuimsíonn údaráis chosanta sonraí agus an MECS – le chéile trí huaire agus dhírigh siad ar chur chun feidhme an chláir oibre a glacadh i Nollaig 2007.

Ceann de na príomhthorthaí ba ea glacadh leis an dara tuarascáil iniúchta i Meitheamh 2009 a dhírigh ar dhá shaincheist: an cheart chun faisnéise d'iarrthóirí tearmainn agus na modhanna chun aois na n-iarrthóirí tearmainn óga a mheasúnú.

Lean an MECS de bheith ag comhoibriú go dlúth le húdaráis chosanta sonraí san "iar-thríú colún" – réimse **an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnaigh** – agus leis an Meitheal Oibre ar Phóilíneacht agus Ceartas. Mar chuid den chomhar seo, in 2009 cuireadh leis an díospóireacht ar an gClár Stócólm agus rinneadh measúnú ar thionchar an Chreat-chinnidh ón gComhairle ar chosaint sonraí.

Lean an comhar i **bhfóraim idirnáisiúnta** eile ag mealladh airde, go háirithe an 31ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Chosaint Sonraí agus Coimisinéirí Príobháideachais i Maidrid, as a dtáinig sraith cháilíochtaí domhanda do chosaint sonraí chun cinn.

D'eagraigh an MECS ceardlann i ndáil le "Ag tabhairt freagra ar sháruithe slándála" freisin i gcomhthéacs "tionscnaimh Londain" a seoladh ag an 28ú Comhdháil Idirnáisiúnta i Samhain 2006 chun feasacht a mhúscailt ar chosaint sonraí agus í a dhéanamh níos éifeachtaí.

# PRÍOMHCHUSPÓIRÍ LE HAGHAIDH 2010

Táthar tar éis na príomhchuspóirí seo a leanas a roghnú le haghaidh 2010:

- Tacú leis an líonra OCS

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag tacú go láidir le hoifigigh chosanta sonraí, go háirithe i ngníomhaireachtaí atá bunaithe le déanaí, agus spreagfar malartú saineolais agus dea-chleachtais, lena n-áirítear glacadh féideartha le cáilíochtaí gairmiúla, d'fhonn a gcuid éifeachtachta a neartú.

- Ról na réamhsheiceála

Leagfaidh an MECS béim níos láidre ar chur chun feidhme na moltaí sna tuairimí réamhsheiceála agus cinnteoidh sé go leanfar iad go leordhóthanach. Leanfar ar aghaidh ag díriú aird speisialta ar réamhsheiceáil na n-oibríochtaí próiseála atá comónta i bhformhór gníomhaireachtaí.

- Treoir chothrománach

Leanfaidh an MECS ag forbairt treorach i ndáil le saincheisteanna ábhartha agus á cur ar fáil i gcoitinne. Foilseofar treoirlínte ar fhísfhaireachas, fiosrúcháin riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta, ar chur chun feidhme na rialacha a bhaineann le taisc agus dualgais na n-oifigeach cosanta sonraí.

- Beartas iniúchta

Foilseoidh an MECS beartas cuimsitheach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus forfheidhmiú na rialacha cosanta sonraí in institiúidí agus i gcomhlachtaí. Áireoidh sé seo na modhanna feiliúnacha uile chun comhlíonadh na rialacha cosanta sonraí a mheas agus a chinntiú agus chun freagracht institiúideach a spreagadh le haghaidh dea-bhainistíocht sonraí.

- Scóip an chomhairliúcháin

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag eisiúint ráiteas nó tuairimí tráthúla ar thograí i ndáil le reachtaíocht nua agus cinnteofar go leanfar iad go leordhóthanach, sna réimsí ábhartha uile. Tabharfar aird speisialta ar an bPlean gníomhaíochta do chur chun feidhme Chlár Stócólm.

- Athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil

Cuirfidh an MECS forbairt ar chreat dlíthiúil cuimsitheach le haghaidh cosanta sonraí in ord tosaíochta, ag clúdach réimsí beartais an AE uile agus ag cinntiú go bhfuil cosaint éifeachtach i bhfeidhm, agus cuirfidh sé le díospóireacht phoiblí nuair is gá agus is cuí.

- Clár Oibre Digiteach

Tabharfaidh an MECS aird speisialta ar Chlár Oibre Digiteach an Choimisiúin sna réimsí uile a mbíonn tionchar soiléir acu ar chosaint sonraí. Tacófar go láidir leis an bprionsabal "Príobháideacht trí Dhearadh" agus a chur chun feidhme praiticiúil.

- Gníomhaíochtaí faisnéise

Cuirfidh an MECS tuilleadh feabhais ar a chuid uirlisí faisnéise ar líne (láithreán gréasáin agus nuachtlitir leictreonach) chun freastal níos fearr ar éilimh na gcuairteoirí. Forbrófar foilseacháin nua ("bileoga fírice") ar shaincheisteanna téamacha.

- Eagraíocht inmheánach

Déanfaidh an MECS athchóiriú ar struchtúr eagrúcháin a chuid Rúnaíochta chun a chinntiú go ndéantar forghníomhú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar na róil agus taisc éagsúla. Foilseofar príomhphointí an struchtúir nua ar an láithreán gréasáin.

- Bainistíocht acmhainní

Déanfaidh an MECS breis forbartha ar ghníomhaíochtaí bainteach le hacmhainní airgeadais agus daonna, agus feabhsófar próisis oibre inmheánacha eile. Tabharfar aird speisialta ar an ngá le tuilleadh spáis oifige agus ar fhorbairt córais bhainistithe cháis.

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

**Tuarascáil Bhliantúil 2009 — Achoimre Feidhmiúcháin**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2010 — 12 lgh. — 21 x 29,7 cm

ISBN 978-92-95073-78-4
doi:10.2804/19732

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:**

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

QT-AB-10-001-GA-N

An Maoirseoir Eorpach
ar Chosaint Sonraí

***An caomhnóir Eorpach
um chosaint sonraí pearsanta***

**www.edps.europa.eu**

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-95073-78-4